C/2025/6754

23.12.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6754)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Suvereto’

Uimhir thagartha AE: PDO-IT-A1266-AM03 — 29.9.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Suvereto’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíon

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Deimhnítear go gcomhlíonann an formheas ar an leasú caighdeánach seo agus teachtaireacht maidir leis na coinníollacha chun leasú caighdeánach a fhormheas faoi Rialachán (AE) 2024/1143 agus na forálacha a glacadh dá bhun sin.

Tagann an leasú seo faoin sainmhíniú ar ‘leasú caighdeánach’ dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ar na cúiseanna seo a leanas:

— níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

— níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní;

— níl aon srian breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Ceannteideal

Dhá chineál nua fíona (catagóir fíona) a chur isteach, lena n-áirítear cineálacha fíniúna faoi seach

Tuairisc

Cuireadh dhá chineál fíona nua aonchineálacha isteach, i.e. 'Suvereto' Cabernet Franc agus 'Suvereto' Syrah.

Baineann an leasú sin le hAirteagail 1, 2, 4 agus 6 den tsonraíocht táirge.

Baineann sé freisin leis na ranna 'Tuairisc ar na fíonta', 'Uastáirgeacht' agus 'Cineálacha fíonchaor' den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Athrú ar an meascán cineálacha le haghaidh an chineáil fíona rosso 'Suvereto' (Catagóir fíona)

Tuairisc

Áirítear anois sa mheascán cineálacha a cheadaítear le haghaidh an chineáil fíona rosso 'Suvereto' (catagóir fíona) na cineálacha fíniúna Sangiovese, Cabernet Franc agus Syrah, chomh maith leis na cineálacha Cabernet Sauvignon agus Merlot atá ann cheana.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge.

Baineann sé freisin leis an roinn 'Cineálacha fíonchaor' den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Athrú ar an meascán cineálacha le haghaidh na gcineálacha fíniúna aonchineálaí atá ann cheana

Tuairisc

Leasaíodh an meascán cineálacha le haghaidh na gcineálacha fíniúna aonchineálaí atá ann cheana, i.e. 'Suvereto' Sangiovese, 'Suvereto' Merlot agus 'Suvereto' Cabernet Sauvignon, rud a mhéadaigh céatadán an chineáil fíniúna lena mbaineann ó 85 % go 100 %.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge.

Ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Athrú go huastáirgeacht fíonchaor i bhfíon críochnaithe

Tuairisc

Méadaíodh an uastáirgeacht fíonchaor san fhíon críochnaithe ó 68 % go 70 %.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

Ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Dáta scaoilte na bhfíonta lena dtomhailt tugtha chun cinn

Tuairisc

Tugadh dáta scaoilte na bhfíonta lena dtomhailt chun cinn ón 1 Meitheamh go dtí an 1 Bealtaine.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

Ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Athrú ar aosú le haghaidh fíonta ar a bhfuil an téarma 'Riserva'

Tuairisc

Ní mór fíonta den chineál 'Riserva' a aosú ar feadh 24 mhí ar a laghad, agus 12 mhí ar a laghad díobh sin i mbairillí adhmaid agus 6 mhí díobh sin ar a laghad sa bhuidéal.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

Baineann sé freisin leis an roinn 'Cleachtais fhíoneolaíocha' den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Tuairisc ar pharaiméadair orgánaileipteacha agus fhisiceimiceacha cineálacha nua fíona

Tuairisc

Cuireadh tuairisc ar pharaiméadair orgánaileipteacha agus fhisiceimiceacha na gcineálacha nua fíona 'Suvereto' Cabernet Franc agus 'Suvereto' Syrah ar fáil.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 6 den tsonraíocht táirge.

Baineann sé freisin leis an roinn 'Tuairisc ar na fíonta' den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Oibleagáid aonad geografach níos leithne a bheith le feiceáil ar lipéad

Tuairisc

Ní mór an t-aonad geografach níos leithne 'Toscana' a léiriú ar an lipéad.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge.

Baineann sé freisin leis an roinn 'Ceanglais bhreise is infheidhme' den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Mionsonraí an chomhlachta rialúcháin a thabhairt cothrom le dáta

Tuairisc

Tar éis na leasuithe a rinneadh ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 le teacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1143, ní áirítear san fhaisnéis shainordaitheach atá le bheith sa tsonraíocht táirge a thuilleadh ainm agus seoladh na n-údarás nó na gcomhlachtaí a fhíoraíonn comhlíonadh fhorálacha na sonraíochta táirge, ná a gcúraimí sonracha.

Ina theannta sin, de bhun Airteagal 40(1) de Rialachán (AE) 2024/1143, ní mór do na Ballstáit ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil, na gcomhlachtaí tarmligthe agus na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 39(3) den Rialachán sin a chur ar fáil go poiblí le haghaidh gach táirge arna ainmniú le tásc geografach agus ní mór dóibh an fhaisnéis sin a choinneáil cothrom le dáta.

Dá bhrí sin, leasaíodh an t-airteagal ina bhfuil tagairtí don chomhlacht rialúcháin, agus cuireadh tagairt d'fhoilseachán ar shuíomh gréasáin oifigiúil údarás inniúil an Bhallstáit in ionad na faisnéise atá ann.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 10 den tsonraíocht táirge.

Ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

Leasuithe eagarthóireachta ar an tsonraíocht táirge nach ndéanann difear d'ábhar an téacs

Tuairisc

Rinneadh leasuithe eagarthóireachta ar airteagail sa tsonraíocht táirge nach ndéanann difear d'ábhar an téacs.

Is éard atá iontu tagairtí reachtacha míchearta agus ceartúcháin ar théarmaí teicniúla nach bhfuil in úsáid a thuilleadh (e.g. cuireadh 'clár fíonghort' in ionad 'clár d'fhíonghoirt').

Baineann an leasú sin leis na hairteagail uile sa tsonraíocht táirge.

Ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Suvereto'

Uimhir thagartha AE: PDO-IT-A1266-AM03 — 29.9.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Suvereto'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Iodáil

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

'Suvereto' agus 'Suvereto' Riserva – Catagóir fíona (1)

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath: dath an rúibín, atá dian uaireanta, geal, agus dath an ghairnéid ag teacht air.

Dea-bholadh:

Boladh: fíonmhar, éadrom.

Blas

Blas: tirim, mín, comhchuí, tathagach, agus blasanna adhmaid air b'fhéidir.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	4,50
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,50 % (13,00 % i gcás an Riserva).

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 25,00 g/l.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

'Suvereto' Sangiovese agus 'Suvereto' Sangiovese Riserva – Catagóir fíona (1)

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath: dath dian an rúibín nó dath dian an ghairnéid, dath geal, agus dath an ghairnéid ag teacht air.

Dea-bholadh

Boladh: fíneáilte, mín, sainiúil.

Blas

Blas: tirim, mín, comhchuí, tathagach, agus blasanna adhmaid air b'fhéidir

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,50 % (13,00 % i gcás an Riserva).

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 25,00 g/l.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

'Suvereto' Merlot agus 'Suvereto' Merlot Riserva – Catagóir fíona (1)

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath: dath dearg an rúibín nó an ghairnéid.

Dea-bholadh

Boladh: éadrom agus sainiúil.

Blas

Blas: tirim, comhchuí, tathagach.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,50 % (13,00 % i gcás an Riserva).

Eastóscán saor ó shiúcra: 25,00 g/l.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

'Suvereto' Cabernet Sauvignon agus 'Suvereto' Cabernet Sauvignon Riserva – Catagóir fíona (1)

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath: dath dearg an rúibín nó an ghairnéid.

Dea-bholadh

Boladh: éadrom agus sainiúil, galánta.

Blas

Blas: tirim agus comhchuí, tathagach.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,50 % (13,00 % i gcás an Riserva).

Eastóscán saor ó shiúcra: 25,00 g/l.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

'Suvereto' Cabernet Franc agus 'Suvereto' Cabernet Franc Riserva – Catagóir fíona (1)

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath: dath dearg an rúibín nó an ghairnéid.

Dea-bholadh

Boladh: éadrom agus sainiúil, galánta.

Blas

Blas: tirim, comhchuí, tathagach.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,50 % (13,00 % i gcás an Riserva).

Eastóscán saor ó shiúcra: 25,00 g/l.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

'Suvereto' Syrah agus 'Suvereto' Syrah Riserva – Catagóir fíona (1)

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath: dath dearg an rúibín nó an ghairnéid.

Dea-bholadh

Boladh: éadrom agus sainiúil, galánta.

Blas

Blas: tirim, comhchuí, tathagach.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,50 % (13,00 % i gcás an Riserva).

Eastóscán saor ó shiúcra: 25,00 g/l.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíonóireachta

An téarma 'Riserva'

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Féadfar fíonta ATFC 'Suvereto' a lipéadú mar 'Riserva' má théann siad faoi thréimhse aosaithe nach lú ná 24 mhí, lena n-áirítear 12 mhí dhéag ar a laghad i mbairillí adhmaid agus 6 mhí sa bhuidéal. Tosóidh an tréimhse chun fíon a aosú an 1 Samhain den bhliain ina mbuantar na fíonchaora.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

'Suvereto' Rosso, Sangiovese, Merlot, Cabernet Sauvignon, Cabernet Franc, Syrah

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	9 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

'Suvereto' Rosso, Sangiovese, Merlot, Cabernet Sauvignon, Cabernet Franc, Syrah

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	63
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

'Suvereto' Rosso, Sangiovese, Merlot, Cabernet Sauvignon, Cabernet Franc, Syrah – an cineál Riserva

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	8 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Suvereto ATFC Riserva Sangiovese, Merlot, Cabernet Sauvignon

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	56
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó ar na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Cabernet franc N. - Cabernet

— Cabernet sauvignon N. - Cabernet

— Merlot N.

— Sangiovese N. - Sangioveto

— Syrah N.

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Tá an limistéar táirgeachta le haghaidh fíonchaora atá beartaithe chun fíonta a tháirgeadh ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe agus ráthaithe 'Suvereto' suite i gcúige Livorno. Áirítear leis talamh fíonsaothrúcháin ar ardchaighdeán ar fud chríoch riaracháin bhardas Suvereto.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Nasc leis an limistéar geografach

Tosca nádúrtha is ábhartha don nasc

Cuimsíonn an limistéar táirgeachta críoch bhardas Suvereto, a n-áirítear ina chomhdhéanamh geolaíoch aolchlocha uaimhiúla agus aolchlocha dubha srathaithe ón Meán-Tréimhse Thriasach go dtí Deireadh na Tréimhse Triasaí. Tá liteolaíochtaí na bhfearann Tuscáine, Ostra-Alpach agus Liogúrach ar an gcuid cnocach atá ar theorainn an ghleanna, ach sna hísealchríocha tá na sil-leagain nuadhíleasach den chuid is mó.

Tá saintréithe na hithreach talmhaíochta ar fud an limistéir an-fhabhrach do shaothrú fíniúnacha. Maidir lena huigeacht, bíonn codáin ghráinnmhéadracha de dhúrabhán, de dhúrabhán gainmheach agus de chrédhúrabhán inti. Is imoibriú ithreach fo-alcaileach den chuid is mó a bhíonn i gceist, agus é pH-neodrach uaireanta, agus ar bhonn níos lú, is imoibriú alcaileach a bhíonn i gceist.

Tríd is tríd, bíonn cion an ábhair orgánaigh, amhail an cion nítrigine iomlán, faoi bhun an mheáin. Ar an taobh eile, tá leibhéil mhaithe fosfair ar fáil agus uaireanta tá leibhéil an-ard potaisiam agus cailciam ar fáil.

Ó thaobh na hagrai-pheideolaíochta de, tá ithreacha gláracha éadroma (gainmheach-shioltach agus sioltach-ghainmheach) agus ithreacha gláracha troma (dúrabhánach agus créúil) ina saintréithe i gcuid mhaith den limistéar, ar ithreacha iad uile atá domhain agus úr.

Tá na dálaí aeráide atá sa limistéar de chineál a chruthaíonn comhshaol a oireann go háirithe don fhíonsaothrúchán ar ardchaighdeán. Ní bhíonn teochtaí an-naimhdeach riamh (14º C ar an meán), agus is fíor-annamh a bhíonn dálaí aimsire an-díobhálach ann amhail sioc an earraigh agus triomaigh fhada.

Tá an fhrasaíocht dáilte go maith freisin. Bíonn sé dírithe den chuid is mó ar thús an earraigh agus an fhómhair, agus ní théann an bháisteach bhliantúil thar 650 mm.

Tá raon maith teochta sa limistéar a chuireann feabhas ar na bolaithe agus na dea-bholaithe sna fíonta go nádúrtha. Tá saintréithe na hithreach agus na haeráide an-oiriúnach don fhíonsaothrúchán ar ardchaighdeán, rud a dheimhníonn claonadh nádúrtha an limistéir fíonta ar ardchaighdeán a tháirgeadh a bhfuil airíonna an-sainiúil agus féiniúlacht láidir acu.

Tosca daonna is ábhartha don nasc

Is féidir stair an fhíonsaothrúcháin in Suvereto a chur i gcomparáid le stair Val di Cornia. Thosaigh sí, mar a tharla sa réigiún sin, sa tréimhse Éatrúscach agus lean sí ar aghaidh le linn thús agus dheireadh na Meánaoiseanna, suas leis an lá atá inniu ann. Sa 14ú haois, bhí ról lárnach ag muintir Gherardesca, úinéirí talún feodacha a bhfuil maoin acu ó Cecina go Follonica, i scaipeadh an fhíonsaothrúcháin in Suvereto a chur chun cinn. Tháinig méadú agus leathnú níos mó fós ar an bhfíonsaothrúchán agus ar an bhfíonóireacht ón 17ú haois ar aghaidh, de réir mar a bunaíodh Acadamh Georgofili agus mar a roinneadh na heastáit mhóra. Rinneadh an chéad athchóiriú talún thart ar 1830, rud a d'fhág go raibh limistéir nua talún feirme ann, chomh maith le fíonghoirt agus fíonlanna nua.

Tagann na taifid is luaithe ina ndéantar doiciméadú ar chaighdeán áirithe fíonsaothrúcháin ó 1886, nuair a ghlac cúigear déantóirí fíona ó Suvereto páirt sa Taispeántas Domhanda sa Róimh. In 1907 ghlac roinnt táirgeoirí páirt i gcomórtas fíonóireachta ina raibh fíonta ón Tuscáin. Sa tréimhse iarchogaidh, chuaigh déantóirí fíona Suvereto i mbun próiseas de réir a chéile chun a dtáirgí fíona a fhorbairt agus a chur chun cinn. Le himeacht ama, mar gheall ar an obair sin aithníodh 'Val di Cornia' mar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint in 1989, agus ina dhiaidh sin aithníodh folimistéar Suvereto in 2000.

Saintréithe agus cáilíochtaí atá inchurtha i leith an naisc

Cumhdaítear le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Suvereto' na cineálacha a shonraítear sa tsonraíocht táirge, ar cineálacha iad a bhfuil tréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha acu atá inaitheanta, sainiúil agus uathúil. Tugtar tuairisc ar na tréithe sin in Airteagal 6 den tsonraíocht táirge. Cuirtear in iúl go soiléir iad i ngach gné de chuma, de dhea-bholaithe agus de bhlasanna na bhfíonta, agus tá pearsantacht agus féiniúlacht acu atá nasctha go láidir leis an timpeallacht gheografach. Is gnách go mbíonn aigéadacht íseal ag na fíonta. Bíonn dath domhain, dian ar dhath an rúibín orthu, agus dath an ghairnéid ag teacht orthu le haois. Tá an dea-bholadh dian, galánta agus leathan, agus tá ruainníní sainiúla de na cineálacha fíniúna a úsáidtear orthu. Bíonn an blas te agus tirim, go deas tainneach, agus bíonn blasanna spíosracha agus ruainníní adhmaid ar na fíonta aosaithe. Tá na fíonta an-chothrom, rud a léiríonn an chomhchuibheacht fhoirfe idir na cineálacha fíniúna agus an timpeallacht. Forbraíonn na fíonta a chuirtear i leataobh le haghaidh aosaithe bolaithe, dea-bholaithe agus blasanna níos láidre, níos déine agus níos seasmhaí le himeacht ama.

Idirghníomhú idir saintréithe comhshaoil agus cáilíochta

Cuidíonn an ithir agus an aeráid uathúil agus optamach sa limistéar, a oireann go háirithe don fhíonsaothrúchán, le dálaí a chruthú ina bhfuil na heilimintí nádúrtha is tábhachtaí tairbhiúil d'fhás agus d'fheidhmeanna táirgiúla uile na bplandaí, agus ar an gcaoi sin áirithítear go n-aibeoidh na fíonchaora go foirfe. Agus an talamh ar a bhfuil fíonghort á roghnú, tugtar tús áite do limistéir ina bhfuil an nochtadh agus an suíomh is fearr is féidir, rud a fhágann go bhfuil siad oiriúnach chun fíonta míne ardcháilíochta a tháirgeadh. Le seanstair na fíonóireachta i limistéar Suvereto, in éineacht le tionchar dearfach iarrachtaí leanúnacha a saothróirí fíniúna le himeacht ama, cruthaítear an dlúthcheangal atá ag an nasc agus an t-idirghníomhú idir na gnéithe daonna agus cáilíocht agus saintréithe uathúla na bhfíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán sin. Mar gheall ar shaintréithe ithreach agus aeráide an limistéir, tá sé an-oiriúnach d'fhíonsaothrúchán ar ardchaighdeán. Deimhnítear leis sin go bhfuil claonadh nádúrtha ann fíonta a tháirgeadh a bhfuil airíonna an-sainiúil agus féiniúlacht láidir acu.

I gcaitheamh na gcéadta bliain chuir daoine teicnící fíonsaothrúcháin agus fíonóireachta traidisiúnta ar aghaidh ó ghlúin go glúin sa limistéar sin agus neartaigh siad na teicnící sin. A bhuí leis an dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch, tá tuilleadh feabhais curtha ar theicnící agus tá siad beachtaithe sa lá atá inniu ann, rud a fhágann gur fíonta cáiliúla iad na fíonta a tháirgtear sa lá atá ann inniu.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais / an mhaolaithe

Téarma geografach níos leithne 'Toscana'

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an cheanglais / an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas / maolú

Ní mór an t-aonad geografach níos leithne 'Toscana' a léiriú ar an lipéad.

Ní mór an fhoclaíocht seo a leanas a bheith ar lipéadú an ainmniúcháin 'Suvereto' i gcónaí ina hiomláine agus san ord seo a leanas:

— Suvereto

— Denominazione di Origine Controllata e Garantita (nó an giorrúchán DOCG)

— Toscana.

Ní mór an téarma 'Toscana' a bheith le feiceáil i litreacha den chló céanna, den stíl chéanna, den spásáil chéanna, den scáth céanna agus den déine dhathmhéadrach chéanna a úsáidtear le haghaidh an fhocail 'Suvereto'. De bhreis air sin, ní mór an téarma 'Toscana' a bheith le feiceáil i gceannlitreacha agus/nó i litreacha beaga aonfhoirmeacha, i gcomparáid leo siúd a úsáidtear le haghaidh an fhocail 'Suvereto', agus ar chúlra aonfhoirmeach le haghaidh sheicheamh iomlán na dtásc a liostaítear sa chéad mhír agus ní ceadmhach na litreacha a bheith níos mó ná an méid a úsáidtear le haghaidh an fhocail 'Suvereto'.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/23470